CINNEADH (AE) 2022/1640 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha De Nederlandsche Bank

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

Ag féachaint don Mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 27 Iúil 2022 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha De Nederlandsche Bank (BCE/2022/27) ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna moladh ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus arna formheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, chun iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus ar bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) In 2018, roghnaigh De Nederlandsche Bank KPMG Accountants N.V. mar iniúchóirí seachtracha air do na blianta airgeadais 2019 go 2022, agus rogha ann síneadh a chur leis an sainordú don bhliain airgeadais 2025 ([2]).

(3) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha ar De Nederlandsche Bank, KPMG Accountants N.V., tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2022. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, iniúchóirí seachtracha a cheapadh ón mbliain airgeadais 2023 ar aghaidh.

(4) Tá sé ar intinn ag De Nederlandsche Bank síneadh a chur le sainordú KPMG Accountants N.V. go dtí an bhliain airgeadais 2025. Is féidir an síneadh sin a chur i gcomhréir leis na socruithe conarthacha idir De Nederlandsche Bank agus KPMG Accountants N.V.

(5) Mhol Comhairle Rialaithe BCE go gceapfaí KPMG Accountants N.V. mar iniúchóirí seachtracha ar De Nederlandsche Bank do na blianta airgeadais 2023 go 2025.

(6) De réir an mholta ó Chomhairle Rialaithe BCE, ba cheart Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle ([3]) a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1 de Chinneadh 1999/70/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

"8. Leis seo, ceaptar KPMG Accountants N.V. mar iniúchóirí seachtracha De Nederlandsche Bank do na blianta airgeadais 2023 go 2025.".

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

([1]) IO C 297, 4.8.2022, lch. 1.
([2]) Moladh an Bhainc Ceannais Eorpaigh an 19 Deireadh Fómhair 2018 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha De Nederlandsche Bank (BCE/2018/25) (IO C 394, 30.10.2018, lch. 1).
([3]) Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle an 25 Eanáir 1999 a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta (IO L 22, 29.1.1999, lch. 69).

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig an mBanc Ceannais Eorpach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. BEK